Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8596/26**
**ADD 1**

**DELACT 79**
**DENLEG 35**
**FOOD 48**
**VETER 60**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2633 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le fianú príobháideach na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus táirgí gránach áirithe, glasraí, torthaí, cnónna ullmhaithe nó leasaithe, anlainn, tarsainn, blastanais agus milseogra a áireamh i liosta na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2633 annex.

Faoi iamh: C(2026) 2633 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2026
C(2026) 2633 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le fianú príobháideach na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus táirgí gránach áirithe, glasraí, torthaí, cnónna ullmhaithe nó leasaithe, anlainn, tarsainn, blastanais agus milseogra a áireamh i liosta na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe**

## IARSCRÍBHINN

*'IARSCRÍBHINN*

**Liosta na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann (Airteagal 3)**

Sa liosta seo, leagtar amach na táirgí ilchodacha, i gcomhréir leis an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) atá in úsáid san Aontas, ar táirgí iad nach gá a chur faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

Nótaí a bhaineann leis an tábla:

**Colún (1) — cód AC**

Léirítear cód AC sa cholún seo. Tá an AC, a bhunaítear le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('Córas Comhchuibhithe (CC)') arna dhréachtú ag an gComhairle um Chomhar Custaim, dá ngairtear an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim faoi láthair, agus arna fhormheas le Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle[1]. Leis an AC déantar ceannteidil agus fo-cheannteideal an CC a atáirgeadh chuig sé dhigit. Sainaithníonn an seachtú agus an t-ochtú digit fo-cheannteidil bhreise den AC.

I gcás ina n-úsáidtear cód ceithre dhigit, sé dhigit nó ocht ndigit nach bhfuil marcáilte le 'ex', agus mura sonraítear a mhalairt, ní gá na táirgí ilchodacha uile a bhfuil na ceithre dhigit sin curtha leo nó a chumhdaítear leis na ceithre dhigit, sé dhigit nó ocht ndigit sin a chur faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

I gcás táirgí ilchodacha sonraithe áirithe faoi aon chód ceithre dhigit, sé dhigit nó ocht ndigit a bhfuil táirgí ainmhithe iontu agus nach bhfuil aon fhoroinn shonrach faoin gcód sin le fáil in AC, marcáiltear an cód AC 'ex'. Mar shampla, maidir le 'ex 2001 90 65', ní cheanglaítear seiceálacha a dhéanamh ag poist rialaithe teorann i gcás na dtáirgí a leagtar amach i gcolún (2).

**Colún (2) — Sainmhínithe**

Sa cholún seo, tugtar mionsonraí na dtáirgí ilchodacha a chumhdaítear leis an díolúine ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

| Cóid AC | Sainmhínithe |
|---|---|
| (1) | (2) |
| 1704, ex 1806 | Milseogra (lena n-áirítear milseáin) agus seacláid bhán, nach bhfuil cócó iontu, agus milseogra (lena n-áirítear milseáin), seacláid agus ullmhóidí bia eile, leatháin, agus ullmhóidí chun deochanna a dhéanamh, ina bhfuil cócó, a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| ex 1902 19, ex 1902 30, ex 1902 40 | Pasta, núdail agus cúscús a chomhlíonann |

[1] Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí agus leis an bPrótacal lena leasaítear é, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/369/oj).

| | |
|---|---|
| | ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| ex 1904 10, ex 1904 20, ex 1904 90 | Bianna ullmhaithe a fhaightear trí ghránaigh nó trí tháirgí gránach a bhorradh nó a róstadh, bianna ullmhaithe a fhaightear ó chalóga gránaigh neamhrósta nó ó mheascáin de chalóga gránaigh neamhrósta agus calóga gránaigh rósta nó gránaigh bhorrtha a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a), (e.g. gránaigh bhricfeasta, múslaí, granóla grán rósta, méiríní arbhair agus séideoga).<br><br>Bianna ullmhaithe a fhaightear ó rís agus ó ghránaigh eile a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| ex 1905 10, ex 1905 20, ex 1905 31, ex 1905 32, ex 1905 40, ex 1905 90 | Aráin, cácaí, cístí ullmhaithe, brioscaí (lena n-áirítear craicir), vaiféil agus abhlanna, roscaí, arán tóstáilte agus táirgí tóstáilte comhchosúla, agus sceallóga agus criospaí a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| ex 2001, ex 2004, ex 2005, ex 2008 19, ex 2008 99, ex 1604 | Ológa líonta le héisc, sceallóga prátaí agus criospaí atá oiriúnach lena gcaitheamh láithreach, agus glasraí, torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí ullmhaithe nó leasaithe ina bhfuil mil mar an t-aon chomhábhar de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| 2101 | Úisc, úscraí agus dlútháin de chaife, de thae nó de mhaité agus ullmhóidí de bhunús na dtáirgí sin nó de bhunús caife, tae nó maité díobh sin a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a).<br><br>Siocaire rósta agus ionadaigh rósta eile chaife, agus úisc, úscraí agus dlútháin díobh a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| ex 2103 | *Miso* ina bhfuil méid beag stoic anraith éisc agus anlann soighe ina bhfuil méid beag stoic anraith éisc, anlainn ina bhfuil úisc oisrí nó éisc, agus anlainn agus ullmhóidí díobh, tarsainn agus blastanais ina bhfuil mil mar an t-aon chomhábhar de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| ex 2104 | Stoic anraith agus blastáin atá pacáistithe le haghaidh an tomhaltóra deiridh a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| ex 2106 | Forbhianna atá pacáistithe le haghaidh an |

| | |
|---|---|
| | tomhaltóra dheiridh, agus milseáin, gumaí agus a leithéid ina bhfuil oibreáin mhilsiúcháin shintéiseacha in ionad siúcra ina bhfuil táirgí ainmhithe próiseáilte (lena n-áirítear glúcósaimín, condróitin nó ciotósán) a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |
| ex 2208 70 | Licéir agus coirdiail a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1), pointe (a). |

’.